Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13970/25**

**FIN 1208**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 15 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Nicolai WAMMEN, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2025 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025 i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2025) 17.

---

Faoi iamh: BUDGET DEC(2025) 17

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 15/10/2025

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 01, 02, 03, 04, 06, 07, 09, 16

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 17/2025**

**RÉAMHRÁ**

I gcomhréir le hAirteagal 31(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beartaítear leis an aistriú seo na leithreasuithe atá fós ar fáil ar na línte tacaíochta riaracháin neamhdhifreáilte a aistriú chuig línte oibríochtúla na gclár nó na braisle beartais a rannchuidíonn na leithreasuithe sin lena gcur chun feidhme. Baineann sé sin le caibidlí faoi Cheannteideal 1 (ITER, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Clár an Mhargaidh Aonair agus Clár Spáis na hEorpa), Ceannteideal 2b (EU4Health, Eoraip na Cruthaitheachta), Ceannteideal 3 (LIFE) agus an tSaoráid don Úcráin.

Aistreofar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá fós ar fáil faoi na línte tacaíochta riaracháin chuig línte oibríochtúla na gclár, arb éard atá sa méid iomlán EUR 16 milliún.

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 17/2025**

**ÓN gCAIBIDIL SEO A LEANAS:**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CAIBIDIL | 01 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘Taighde agus Nuálaíocht’ | *MÍR* | *01 01 03 01* | *Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ITER chun feidhme* | Neamhdhifreáil te | -1 500 000 |
| | | | *MÍR* | *01 01 03 02* | *Pearsanra seachtrach a chuireann ITER chun feidhme* | Neamhdhifreáil te | -48 000 |
| | | | *MÍR* | *01 01 03 03* | *Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER* | Neamhdhifreáil te | -204 000 |
| CAIBIDIL | 02 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha’ | *MÍR* | *02 01 21 02* | *Caiteachas tacaíochta do Rúnaíocht an Bhoird um Athbhreithniú Feidhmíochta* | Neamhdhifreáil te | -781 158 |
| | | | *MÍR* | *02 01 21 74* | *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa — Iompar* | Neamhdhifreáil te | -24 100 |
| | | | *MÍR* | *02 01 30 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach* | Neamhdhifreáil te | -2 000 000 |
| CAIBIDIL | 03 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘An Margadh Aonair’ | *MÍR* | *03 01 01 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair* | Neamhdhifreáil te | -1 030 000 |
| CAIBIDIL | 04 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘Spás’ | *AIRTEAGAL* | *04 01 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Spáis an Aontais* | Neamhdhifreáil te | -1 200 000 |
| CAIBIDIL | 06 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘Téarnamh agus Athléimneacht’ | *MÍR* | *06 01 05 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health* | Neamhdhifreáil te | -114 000 |
| | | | *MÍR* | *06 01 05 73* | *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár EU4Health* | Neamhdhifreáil te | -195 879 |
| CAIBIDIL | 07 01 | Caiteachas tacaíochta riaracháin na braisle ‘Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna’ | *MÍR* | *07 01 04 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta* | Neamhdhifreáil te | -1 250 000 |
| CAIBIDIL | 09 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle ‘An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide’ | *MÍR* | *09 01 01 01* | *Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)* | Neamhdhifreáil te | -170 000 |
| | | | *MÍR* | *09 01 01 74* | *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol -- Ranníocaíocht ón gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)* | Neamhdhifreáil te | -396 524 |
| CAIBIDIL | 16 01 | Caiteachas riaracháin tacaíochta lasmuigh de na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil | *AIRTEAGAL* | *16 01 06* | *Caiteachas Tacaíochta le haghaidh na Saoráide don Úcráin* | Neamhdhifreáil te | -7 068 595 |

**CHUIG**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CAIBIDIL | 01 04 | Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) | *AIRTEAGAL* | *01 04 01* | *Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú - An Comhghnóthas Eorpach um ITER - agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt* | Gealltanais | 1 752 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *01 04 01* | *Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú - An Comhghnóthas Eorpach um ITER - agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt* | Íocaíochtaí | 1 752 000 |
| CAIBIDIL | 02 03 | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) | *AIRTEAGAL* | *02 03 01* | *An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Iompar* | Gealltanais | 805 258 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *02 03 01* | *An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Iompar* | Íocaíochtaí | 805 258 |
| CAIBIDIL | 02 04 | An Clár don Eoraip Dhigiteach | *MÍR* | *02 04 05 01* | *Imscaradh* | Gealltanais | 2 000 000 |
| | | | *MÍR* | *02 04 05 01* | *Imscaradh* | Íocaíochtaí | 2 000 000 |
| CAIBIDIL | 03 02 | Clár an Mhargaidh Aonair | *MÍR* | *03 02 01 01* | *An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt* | Gealltanais | 915 000 |
| | | | *MÍR* | *03 02 01 01* | *An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt* | Íocaíochtaí | 915 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *03 02 06* | *Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí* | Gealltanais | 115 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *03 02 06* | *Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí* | Íocaíochtaí | 115 000 |
| CAIBIDIL | 04 02 | Clár Spáis an Aontais | *AIRTEAGAL* | *04 02 01* | *Galileo/EGNOS* | Gealltanais | 1 200 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *04 02 01* | *Galileo/EGNOS* | Íocaíochtaí | 1 200 000 |
| CAIBIDIL | 06 06 | An Clár EU4Health | *AIRTEAGAL* | *06 06 01* | *An Clár EU4Health* | Gealltanais | 309 879 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *06 06 01* | *An Clár EU4Health* | Íocaíochtaí | 309 879 |
| CAIBIDIL | 07 05 | Eoraip na Cruthaitheachta | *AIRTEAGAL* | *07 05 01* | *Sraith an Chultúir* | Gealltanais | 200 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *07 05 01* | *Sraith an Chultúir* | Íocaíochtaí | 200 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *07 05 02* | *Sraith MEDIA* | Gealltanais | 1 050 000 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *07 05 02* | *Sraith MEDIA* | Íocaíochtaí | 1 050 000 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CAIBIDIL | 09 02 | An Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) | *AIRTEAGAL* | *09 02 01* | *An dúlra agus an bhithéagsúlacht* | Gealltanais | 144 730 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *09 02 01* | *An dúlra agus an bhithéagsúlacht* | Íocaíochtaí | 144 730 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *09 02 03* | *Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin* | Gealltanais | 222 060 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *09 02 03* | *Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin* | Íocaíochtaí | 222 060 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *09 02 04* | *An t-aistriú chuig fuinneamh glan* | Gealltanais | 199 734 |
| | | | *AIRTEAGAL* | *09 02 04* | *An t-aistriú chuig fuinneamh glan* | Íocaíochtaí | 199 734 |
| CAIBIDIL | 16 06 | An tSaoráid don Úcráin | *MÍR* | *16 06 03 01* | *Bearta cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile* | Gealltanais | 7 068 595 |
| | | | *MÍR* | *16 06 03 01* | *Bearta cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile* | Íocaíochtaí | 7 068 595 |

| Líne | Tuairisc ar an Líne | | Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach (1) | Aistrithe (2) | Úsáid (3) | An méid atá ar fáil (4)=(1)+(2)-(3) | An t-aistriú atá beartaithe (5) | Athrú (5/1) | Iomlán (4±5) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 03 01 | Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ITER chun feidhme | Neamhdhifreáilte | 6 260 760 | 0 | 4 760 760 | 1 500 000 | -1 500 000 | -23,96% | 0 |
| 01 01 03 02 | Pearsanra seachtrach a chuireann ITER chun feidhme | Neamhdhifreáilte | 255 750 | 0 | 207 750 | 48 000 | -48 000 | -18,77% | 0 |
| 01 01 03 03 | Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER | Neamhdhifreáilte | 1 654 102 | 0 | 910 633 | 743 469 | -204 000 | -12,33% | 539 469 |
| 01 04 01 | Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú - An Comhghnóthas Eorpach um ITER - agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt | Gealltanais | 478 335 069 | 0 | 478 335 069 | 0 | 1 752 000 | 0,37% | 1 752 000 |
| 01 04 01 | Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú - An Comhghnóthas Eorpach um ITER - agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt | Íocaíochtaí | 633 898 679 | 0 | 473 213 274 | 160 685 405 | 1 752 000 | 0,28% | 162 437 405 |
| 02 01 21 02 | Caiteachas tacaíochta do Rúnaíocht an Bhoird um Athbhreithniú Feidhmíochta | Neamhdhifreáilte | 1 337 500 | -240 000 | 316 342 | 781 158 | -781 158 | -58,40% | 0 |
| 02 01 21 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa — Iompar | Neamhdhifreáilte | 7 810 100 | 0 | 7 786 000 | 24 100 | -24 100 | -0,31% | 0 |
| 02 01 30 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach | Neamhdhifreáilte | 19 175 251 | 0 | 14 326 445 | 4 848 806 | -2 000 000 | -10,43% | 2 848 806 |
| 02 03 01 | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Iompar | Gealltanais | 1 662 889 897 | 0 | 1 639 239 858 | 23 650 039 | 805 258 | 0,05% | 24 455 297 |
| 02 03 01 | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) - Iompar | Íocaíochtaí | 1 381 351 969 | -1 000 000 | 265 404 320 | 1 114 947 649 | 805 258 | 0,06% | 1 115 752 907 |
| 02 04 05 01 | Imscaradh | Gealltanais | 94 101 741 | 0 | 83 160 072 | 10 941 669 | 2 000 000 | 2,13% | 12 941 669 |
| 02 04 05 01 | Imscaradh | Íocaíochtaí | 113 282 273 | 0 | 74 203 422 | 39 078 851 | 2 000 000 | 1,77% | 41 078 851 |
| 03 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair | Neamhdhifreáilte | 13 975 000 | 0 | 8 463 688 | 5 511 312 | -1 030 000 | -7,37% | 4 481 312 |
| 03 02 01 01 | An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt | Gealltanais | 24 985 000 | 0 | 14 623 214 | 10 361 786 | 915 000 | 3,66% | 11 276 786 |
| 03 02 01 01 | An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt | Íocaíochtaí | 20 662 707 | 0 | 17 329 540 | 3 333 167 | 915 000 | 4,43% | 4 248 167 |
| 03 02 06 | Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí | Gealltanais | 240 498 884 | 0 | 86 492 713 | 154 006 171 | 115 000 | 0,05% | 154 121 171 |
| 03 02 06 | Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí | Íocaíochtaí | 220 000 000 | -355 091 | 142 740 399 | 76 904 510 | 115 000 | 0,05% | 77 019 510 |
| 04 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Spáis an Aontais | Neamhdhifreáilte | 8 050 000 | 0 | 4 066 879 | 3 983 121 | -1 200 000 | -14,91% | 2 783 121 |
| 04 02 01 | Galileo/EGNOS | Gealltanais | 1 220 732 673 | 0 | 1 220 732 673 | 0 | 1 200 000 | 0,10% | 1 200 000 |
| 04 02 01 | Galileo/EGNOS | Íocaíochtaí | 1 090 000 000 | 0 | 478 761 709 | 611 238 291 | 1 200 000 | 0,11% | 612 438 291 |
| 06 01 05 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health | Neamhdhifreáilte | 7 227 453 | 0 | 5 942 441 | 1 285 012 | -114 000 | -1,58% | 1 171 012 |
| 06 01 05 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár EU4Health | Neamhdhifreáilte | 19 442 554 | 0 | 19 246 675 | 195 879 | -195 879 | -1,01% | 0 |

| Líne | Tuairisc ar an Líne | | Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach (1) | Aistrithe (2) | Úsáid (3) | An méid atá ar fáil (4)=(1)+(2)-(3) | An t-aistriú atá beartaithe (5) | Athrú (5/1) | Iomlán (4±5) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 06 06 01 | An Clár EU4Health | Gealltanais | 555 939 966 | 0 | 6 073 592 | 549 866 374 | 309 879 | 0,06% | 550 176 253 |
| 06 06 01 | An Clár EU4Health | Íocaíochtaí | 553 000 000 | 0 | 313 425 226 | 239 574 774 | 309 879 | 0,06% | 239 884 653 |
| 07 01 04 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta | Neamhdhifreáilte | 6 287 469 | 0 | 4 081 663 | 2 205 806 | -1 250 000 | -19,88% | 955 806 |
| 07 05 01 | Sraith an Chultúir | Gealltanais | 107 894 641 | 0 | 49 338 576 | 58 556 065 | 200 000 | 0,19% | 58 756 065 |
| 07 05 01 | Sraith an Chultúir | Íocaíochtaí | 109 761 016 | -4 666 721 | 40 969 823 | 64 124 472 | 200 000 | 0,18% | 64 324 472 |
| 07 05 02 | Sraith MEDIA | Gealltanais | 189 459 771 | 0 | 130 605 201 | 58 854 570 | 1 050 000 | 0,55% | 59 904 570 |
| 07 05 02 | Sraith MEDIA | Íocaíochtaí | 175 353 553 | 0 | 142 213 717 | 33 139 836 | 1 050 000 | 0,60% | 34 189 836 |
| 09 01 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) | Neamhdhifreáilte | 10 552 540 | 0 | 8 999 096 | 1 553 444 | -170 000 | -1,61% | 1 383 444 |
| 09 01 01 74 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol -- Ranníocaíocht ón gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) | Neamhdhifreáilte | 17 258 107 | 0 | 16 861 583 | 396 524 | -396 524 | -2,30% | 0 |
| 09 02 01 | An dúlra agus an bhithéagsúlacht | Gealltanais | 305 344 360 | 0 | 272 644 963 | 32 699 397 | 144 730 | 0,05% | 32 844 127 |
| 09 02 01 | An dúlra agus an bhithéagsúlacht | Íocaíochtaí | 154 909 483 | -13 000 000 | 102 275 628 | 39 633 855 | 144 730 | 0,09% | 39 778 585 |
| 09 02 03 | Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin | Gealltanais | 123 165 910 | 0 | 113 416 740 | 9 749 170 | 222 060 | 0,18% | 9 971 230 |
| 09 02 03 | Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin | Íocaíochtaí | 89 966 414 | 0 | 79 503 679 | 10 462 735 | 222 060 | 0,25% | 10 684 795 |
| 09 02 04 | An t-aistriú chuig fuinneamh glan | Gealltanais | 136 328 440 | 0 | 111 179 809 | 25 148 631 | 199 734 | 0,15% | 25 348 365 |
| 09 02 04 | An t-aistriú chuig fuinneamh glan | Íocaíochtaí | 91 852 076 | 13 049 760 | 84 928 286 | 19 973 550 | 199 734 | 0,22% | 20 173 284 |
| ***16 01 06** | Caiteachas Tacaíochta le haghaidh na Saoráide don Úcráin | Neamhdhifreáilte | 73 704 438 | -21 629 834 | 22 812 745 | 29 261 859 | -7 068 595 | -9,59% | 22 193 263 |
| ***16 06 03 01** | Bearta cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile | Gealltanais | 155 000 000 | 21 629 834 | 155 515 000 | 21 114 834 | 7 068 595 | 4,56% | 28 183 429 |
| ***16 06 03 01** | Bearta cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile | Íocaíochtaí | 78 335 000 | 21 629 834 | 9 934 348 | 90 030 486 | 7 068 595 | 9,02% | 97 099 081 |
| | | | | | | **Iomlán an LAGHDAITHE Íocaíochtaí** | **0** | | |
| | | | | | | **Iomlán an MHÉADAITHE Íocaíochtaí** | **15 982 256** | | |
| | | | | | | **Iomlán an LAGHDAITHE Gealltanais** | **0** | | |
| | | | | | | **Iomlán an MHÉADAITHE Gealltanais** | **15 982 256** | | |
| | | | | | | **Iomlán an LAGHDAITHE Neamhdhifreáilte** | **-15 982 256** | | |
| | | | | | | **Iomlán an MHÉADAITHE Neamhdhifreáilte** | **0** | | |

*Tugtar faoi deara go gcuimsítear leis na méideanna a thaispeántar le haghaidh línte 16 01 06 agus 16 06 03 01 leithreasuithe a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2024 i gcomhréir le hAithris 54 agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/792 mar gheall gur féidir cuid de na méideanna atá beartaithe lena n-aistriú a chur ar fáil ó na leithreasuithe a tugadh anonn ar líne bhuiséid 16 01

# Na Réasúnuithe

## Laghdaithe 01 01 03 01

**Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ITER chun feidhme**

Tá laghdú EUR 1,5 milliún ann mar gheall ar mhoill ar phleanáil earcaíochta oifigeach le linn na bliana. Is féidir an méid sin a aistriú chuig an líne oibríochtúil 01 04 01 ina léirítear acmhainneacht ionsúcháin mar gheall ar riachtanais mhéadaithe i gcaiteachas oibríochtúil.

## Laghdaithe 01 01 03 02

**Pearsanra seachtrach a chuireann ITER chun feidhme**

Tá laghdú EUR 48 000 ann mar gheall go raibh an earcaíocht níos moille ná mar a measadh. Is féidir an méid sin a aistriú chuig an líne oibríochtúil 01 04 01 ina léirítear acmhainneacht ionsúcháin mar gheall ar riachtanais mhéadaithe i gcaiteachas oibríochtúil.

## Laghdaithe 01 01 03 03

**Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh ITER**

Tá laghdú EUR 0,2 milliún ann mar gheall go príomha ar athmheasúnú ar riachtanais le haghaidh misean, saineolaithe agus conarthaí soláthair. Is féidir an méid sin a aistriú chuig an líne oibríochtúil 01 04 01 ina léirítear acmhainneacht ionsúcháin mar gheall ar riachtanais mhéadaithe i gcaiteachas oibríochtúil.

## Méadaithe 01 04 01

**Na saoráidí ITER a thógáil, a oibriú agus a shaothrú — An Comhghnóthas Eorpach um ITER — agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt**

Maidir le Fuinnimh Comhleá, déanann an Comhghnóthas agus an Coimisiún athmheasúnú go tráthrialta ar na riachtanais le haghaidh na mblianta reatha agus na mblianta a bheidh ann amach anseo. Mar gheall ar dhul chun cinn maith thionscadal an Imoibreora Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta, tá riachtanais mhéadaithe maidir le caiteachas oibríochtúil ag an gComhghnóthas, i dtaobh gealltanas agus íocaíochtaí, go príomha le haghaidh na Caibidle ‘Tógáil ITER lena n-áirítear ullmhú láithreáin’ de bhuiséad an Chomhghnóthais. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 1,8 milliún a aistriú chuig an líne ó línte caiteachais tacaíochta ITER.

## Laghdaithe 02 01 21 02

**Caiteachas tacaíochta do Rúnaíocht an Bhoird um Athbhreithniú Feidhmíochta**

Cuireadh moill ar bhunú Rúnaíocht an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar earcú fhoireann Rúnaíocht an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta freisin agus tús á chur le roinnt conarthaí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús (Aibreán 2025) agus laghdaíodh costais eile, mar shampla costais misean, mar gheall air sin freisin. Dá bhrí sin, is féidir EUR 0,8 milliún a aistriú chuig líne oibríochtúil SCE Iompar.

## Laghdaithe 02 01 21 74

**An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa — Iompar**

Is féidir EUR 24 100 a aistriú chuig an líne oibríochtúil SCE Iompar, mar gheall ar chostais foirne níos ísle a bheith ann sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), mar thoradh go príomha ar ráta folúntas níos airde ná mar a bhí coinne leis agus mar thoradh ar liúntais taistil bhliantúla a bhí níos ísle ná mar a measadh.

## Laghdaithe 02 01 30 01

**Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach**

An 1 Meán Fómhair 2025, tá 52 chonradh foirne i bhfeidhm ag an gCoimisiún don Oifig Intleachta Saorga, ach bhí 80 post coibhéise lánaimseartha beartaithe le haghaidh 2025. Ós rud é go bhfuil foireann ardphróifíle de dhíth ar an Oifig Intleachta Saorga, ag a bhfuil saineolas fairsing sa réimse lena mbaineann, féadfaidh an earcaíocht a bheith casta. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar earcaíocht an lín gníomhairí ar conradh a theastaíonn le haghaidh 2025, agus fágann sé sin go bhfuil barrachas EUR 2 mhilliún ar líne bhuiséid riaracháin na hOifige Intleachta Saorga. Is féidir an barrachas sin a chur chun feidhme ar an líne oibríochtúil 'Imscaradh'.

## Méadaithe 02 03 01

**An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) — Iompar**

Tá sé beartaithe an barrachas EUR 0,8 milliún ar na línte caiteachais tacaíochta 02 01 21 02 agus 02 01 21 74 a aistriú chuig an líne oibríochtúil SCE Iompar a léiríonn acmhainneacht ionsúcháin le haghaidh thráthchodanna ilbhliantúla na ndeontas a dhámhtar.

## Méadaithe 02 04 05 01

**Imscaradh**

Maidir leis an mbarrachas EUR 2 mhilliún sa líne caiteachais tacaíochta 02 01 30 01, is féidir é a ionsú sa líne oibríochtúil 'Imscaradh', mar go maoiníonn sé na Gníomhaíochtaí Tacaíochta Cláir, agus tá méadú ar an líon staidéar atá le cistiú.

## Laghdaithe 03 01 01 01

**Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair**

Mar gheall ar luas tionscanta roinnt gníomhaíochtaí a bhí níos moille ná mar a bhí coinne leis, ní mór síniú roinnt conarthaí gaolmhara a chur siar go dtí 2026. Dá bhrí sin, is féidir EUR 1 milliún a aistriú chuig na línte oibríochtúla gaolmhara.

## Méadaithe 03 02 01 01

**An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt**

Mar gheall ar athruithe nach raibh coinne leo i gcur chun feidhme an bhuiséid, tá cistiú breise de dhíth ar roinnt tionscadal faoin líne bhuiséid 'An Margadh Inmheánach', agus is gá oibleagáidí dlíthiúla móra áirithe a bhí sceidealaithe ar dtús le haghaidh 2026 a chur chun feidhme níos luaithe anois. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 0,9 milliún a aistriú ó líne caiteachais tacaíochta Chlár an Mhargaidh Aonair.

## Méadaithe 03 02 06

**Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí**

Mar gheall ar mhoill ar ghníomhaíochtaí áirithe a thosú agus ar chonarthaí agus ar staidéir lena mbaineann, tá sé beartaithe EUR 0,1 milliún a aistriú ó líne caiteachais tacaíochta Chlár an Mhargaidh Aonair chuig Sraith Bia Chlár an Mhargaidh Aonair, rud a léiríonn acmhainneacht na creidmheasanna nár úsáideadh a ionsú.

## Laghdaithe 04 01 01

**Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár Spáis an Aontais**

Tá laghdú ann mar gheall ar riachtanais laghdaithe cúnaimh theicniúil Galileo/EGNOS. Tá laghdú comhchosúil le sonrú sa togra le haghaidh dréachtbhuiséad 2026, ina n-iarrtar buiséad níos ísle le haghaidh na líne caiteachais tacaíochta i gcomparáid leis an gclárú airgeadais tosaigh. Dá bhrí sin, is féidir EUR 1,2 milliún a aistriú chuig an líne oibríochtúil 'Galileo/EGNOS'.

## Méadaithe 04 02 01

### Galileo/EGNOS

Tá méadú EUR 1,2 milliún ann mar thoradh ar riachtanais laghdaithe cúnaimh theicniúil sa líne caiteachais tacaíochta le haghaidh Galileo/EGNOS. Tá méadú comhchosúil le sonrú sa togra le haghaidh dréachtbhuiséad 2026, ina méadaítear an líne oibríochtúil Galileo tríd an líne caiteachais tacaíochta a laghdú i gcomparáid leis an gclárú airgeadais tosaigh.

## Laghdaithe 06 01 05 01

### Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár EU4Health

Cuireadh moill ar roinnt gníomhaíochtaí a bhí beartaithe faoin gcaiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir EU4Health, dá bhrí sin is féidir EUR 0,1 milliún a aistriú chuig an líne bhuiséid oibríochtúil le húsáid i gcomhréir leis an gclár oibre.

## Laghdaithe 06 01 05 73

### An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ó Chlár EU4Health

Beidh riachtanais bhuiséadacha dheireanacha 2025 na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú beagán níos ísle ná mar a bhí sa bhuiséad ar vótáladh ina fhabhar. Mar thoradh air sin, is féidir EUR 0,2 milliún a aistriú chuig líne bhuiséid oibríochtúil an Chláir EU4Health.

## Méadaithe 06 06 01

### An Clár EU4Health

Is toradh é an EUR 0,3 milliún ar bharrachais a sainaithníodh ar na línte caiteachais tacaíochta 06 01 05 01 agus 06 01 05 73, lena scaoiltear faoi seach EUR 0,1 milliún mar gheall ar mhoill ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe, agus EUR 0,2 milliún mar gheall ar riachtanais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú a bheith níos ísle ná mar a measadh.

## Laghdaithe 07 01 04 01

### Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta

Léiríonn an phleanáil athbhreithnithe ar chostais faoi 'Caiteachas tacaíochta d'Eoraip na Cruthaitheachta' barrachas EUR 1,3 milliún, arb é is cúis leis go príomha líon laghdaithe staidéar agus imeachtaí formheasta. Is féidir an méid sin a aistriú chuig líne bhuiséid 07 05 01 'Sraith an Chultúir' chun tacú le tionscadail bhreise (Bearta comhair) i réimse an Chultúir arna gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr, agus chuig líne bhuiséid 07 05 02 'Sraith MEDIA'.

## Méadaithe 07 05 01

### Sraith an Chultúir

Ciallaíonn an phleanáil athbhreithnithe ar chostais faoi líne bhuiséid 07 01 04 01 'Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta' go bhfuil barrachas EUR 0,2 milliún ann is féidir a aistriú chuig an líne bhuiséid 'Sraith an Chultúir ' chun tacú le tionscadail bhreise (Bearta comhair) i réimse an Chultúir arna gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr.

## Méadaithe 07 05 02

**Sraith MEDIA**

Mar gheall ar líon laghdaithe staidéar agus imeachtaí, beidh riachtanais bhuiséadacha líne riaracháin 07 01 04 01 ‘Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta’ níos ísle ná mar a measadh. Is féidir an barrachas EUR 1,1 milliún a chur chun feidhme ar líne bhuiséid ‘Sraith MEDIA’.

## Laghdaithe 09 01 01 01

**Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)**

Mar gheall go bhfuil riachtanais líne caiteachais tacaíochta an Chláir LIFE níos ísle ná mar a measadh ar dtús, is féidir EUR 0,2 milliún a aistriú chuig na línte oibríochtúla gaolmhara.

## Laghdaithe 09 01 01 74

**An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol — Ranníocaíocht ón gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)**

Tá sé beartaithe EUR 0,4 milliún a aistriú chuig línte oibríochtúla an Chláir LIFE mar gheall ar chostais foirne atá níos ísle ná mar a measadh ar dtús ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol. Mínítear an barrachas sin leis na tosca seo a leanas go háirithe: ráta folúntas níos mó ná an meán a bheith ann, liúntas taistil bliantúil níos ísle, costais athaicmiúcháin níos ísle agus tionchar níos mó ag saoire tuismitheora le linn mhíonna an tsamhraidh.

## Méadaithe 09 02 01

**An dúlra agus an bhithéagsúlacht**

Mar thoradh ar choigilteas a bhaineann le costais foirne a shainaithin an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol faoi líne bhuiséid 09 01 01 74, tá sé beartaithe EUR 0,1 milliún a aistriú chuig an líne ‘Dúlra agus Bithéagsúlacht’.

## Méadaithe 09 02 03

**Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin**

Tá sé beartaithe EUR 0,2 milliún a aistriú chuig an líne oibríochtúil 09 02 03 mar thoradh ar bharrachais a sainaithníodh i línte riaracháin na gClár LIFE.

## Méadaithe 09 02 04

**An t-aistriú chuig fuinneamh glan**

Mar thoradh ar choigilteas a bhaineann le costais foirne a shainaithin an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol faoi líne bhuiséid 09 01 01 74, tá sé beartaithe EUR 0,2 milliún a aistriú chuig an líne ‘an tAistriú chuig Fuinneamh Glan’.

## Laghdaithe 16 01 06

**Caiteachas Tacaíochta le haghaidh na Saoráide don Úcráin**

Mar gheall ar mhoill a chonacthas sna próisis earcaíochta agus chonarthacha chun an tSaoráid don Úcráin a chur ar bun, is féidir EUR 7,1 milliún (EUR 4,4 milliún de leithreasuithe úra 2025 agus EUR 2,6 milliún de leithreasuithe a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2024) a aistriú chuig an líne bhuiséid oibríochtúil. Ós rud é go bhfuil an fhoireann iomlán earcaithe anois agus go bhfuil gníomhaíochtaí go hiomlán oibríochtúil.

## Méadaithe 16 06 03 01

### Bearta cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile

Maidir leis an mbarrachas EUR 7,1 milliún (EUR 4,4 milliún de leithreasuithe úra 2025 agus EUR 2,6 milliún de leithreasuithe a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2024), ar barrachas é a shainaithnítear ar an líne caiteachais tacaíochta 'an tSaoráid don Úcráin', tá sé beartaithe é a aistriú chun cúnamh tionscadalbhunaithe a chistiú faoin líne bhuiséid 'Bearta Cúnaimh maidir le haontachas leis an Aontas agus bearta eile'. Laistigh d'ailtireacht na Saoráide, seoltar an tacaíocht sin tríd an ngníomhaíocht 'Saoráid um Chomhar Teicniúil don Úcráin'. Tá an ghníomhaíocht sin ina bonn taca faoi ailíniú forásach na hÚcráine le *acquis* an Aontais d'fhonn ballraíocht san Aontas a bhaint amach sa todhchaí, agus tacaíonn sí freisin le cur chun feidhme Phlean na hÚcráine. An tráth céanna, neartaítear léi athléimneacht na hÚcráine agus a hacmhainneacht chun freagairt d'iarmhairtí chogadh foghach na Rúise lena n-áirítear trí bhíthin deisiúcháin phráinneacha ar bhonneagar fuinnimh. Cistítear léi tionscadail a chuirtear chun feidhme i gcomhar le Ballstáit den Aontas faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa, agus soláthraítear tacaíocht don tsochaí shibhialta, do na meáin agus do ghníomhaithe ar son chearta an duine.